

AN TÚDARÁS BAINCÉIREACHTA EORPACH

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022



EUROPEAN
BANKING
AUTHORITY

Photo credits: European Banking Authority on pages: 3, 20.
Illustration credits: Canva on pages: 4, 8, 9, 12, 13, 15, 18.

PDF	ISBN 978-92-9245-876-8	ISSN 1977-9011	doi:10.2853/118182	DZ-AA-23-001-GA-N
-----	------------------------	----------------	--------------------	-------------------

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023

© An tÚdarás Baincéireachta Eorpach, 2023
Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR THUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2022

Réamhrá ó Chathaoirleach agus ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin ÚBE



Bhí dúshlán iomadúla roimh an domhan in 2022. Spreag ionradh na Rúise ar an Úcráin géarchéim dhaonnúil dhomhanda agus rinneadh dochar don gheilleagar dá bharr. Ina theannta sin, bhí tionchar ag an aistriú chuig rátaí úis níb'airde ar luachanna sócmhainní agus ar cháilíocht chreidmheasa. Bhí cur chun feidhme rialacha Basel III agus rialacháin bhaincéireachta an Aontais Eorpaigh (AE) rithábachtach d'athléimneacht na hearnála baincéireachta.

Aithníodh an claochlú digiteach i mbaincéireacht agus in íocaíochtaí an Aontais mar réimse lena mbaineann fócas suntasach. Moladh d'institiúidí airgeadais glacadh le teicneolaíochtaí nuálacha ar bhealach freagrach, agus cothromú rioscaí agus deiseanna ar bun acu. Bhí tionscnaimh rialála amhail an Gníomh um Athléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA) agus an Rialachán maidir le Margaí Cripteá-Shócmhainní (MiCA) dírithe ar athléimneacht oibríochtúil a fheabhsú agus cobhsaíocht airgeadais a choimirciú agus nuálaíocht á cur chun cinn ag an am céanna.

Rinneadh iarracht in athbhreithniú ar an Treoir maidir le Seirbhísí Íocaíochta (PSD 3) margadh na n-íocaíochtaí a chomhchuihiú agus arbatráiste rialála a chosc. Ba é an cuspóir foriomlán creat rialála agus maoirseachta láidir a chruthú lena dtacaítear leis an aistriú chuig geilleagar níos inbhuanaithe agus athléimneacht na hearnála baincéireachta á háirithiú ag an am céanna.

Measadh go raibh tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) rithábachtach do thodhchaí inbhuanaithe, agus iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh iad a chomhtháthú in earnáil na baincéireachta. Aithníodh go bhfuil tosca ESG rithábachtach maidir le ról an tionscail airgeadais a mhúnlú maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus maidir leis an inbhuanaitheacht a chothú. Bhí iarrachtaí fós ar bun chun gnéithe ESG a chomhtháthú in earnáil baincéireachta an Aontais, ag díriú ar bhainistiú riosca, ar nochtuithe, ar chleachtais mhaoriseachta, ar thástáil struis aeráide agus an ar gcreat stuamachta. Ba é an sprioc a bhí ann cosc a chur ar ghlas-nasú agus aghaidh a thabhairt ar gach gné de ESG ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe a thógáil.

JOSÉ MANUEL CAMPA



In 2022, thug an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) aghaidh ar bhliain dhúshlánach eile le linn éiginnteachtaí eacnamaíocha domhanda agus imeachtaí gan choinne amhail an choinbhleacht leanúnach san Úcráin. D'ainneoin na mbacainní sin, d'éirigh le ÚBE 95 % dá chúraimí a leagtar amach ina chlár oibre do 2022 a chur i gcrích. Ba é tiomantas agus lúfaireacht a foirne, próisis oibríochtúla fheabhsaithe agus beartas nua soghluaisteachta inmheánaí ba chúis leis an éacht sin.

Príomhfhócas amháin ab ea feabhas a chur ar úsáid sonraí baincéireachta agus airgeadais. Bhí sé d'aidhm ag ÚBE a bheith ina fhoinse iontaofa sonraí, lena leathnófaí ardán an Bhonneagair Láraithe Eorpaigh le haghaidh Sonraí Maoirseachta (EUCLID) agus lena gcuirfí le straitéis sonraí an Choimisiúin Eorpaigh.

Ba lárnach fós an inbhuanaitheacht agus rinne ÚBE rioscaí ESG a imscrúdú agus iad a ionchorprú agus rialacha á ndéanamh agus a spriocanna comhshaoil á mbaint amach. Cuireadh comhionannas inscne chun cinn go gníomhach.

Ó thaobh na nuálaíochta de, chuir ÚBE feabhas ar uirlisí comhoibrithe agus chuir sé tús le clár néalaithe, rud a d'áirithigh slándáil láidir sonraí.

Ag féachaint chun cinn, leanfaidh ÚBE den obair ar rialáil stuamachta, leathnóidh sé uirlisí sainaitheanta riosca, ullmhóidh sé é féin d'athruithe

rialála agus cabhróidh sé le húdarás frithsciúrtha airgid (AML) de chuid an Aontais a bhunú. Tá muinín ag an eagraíocht as a cumais agus as a bonneagar nua-aimseartha.

FRANÇOIS-LOUIS MICHAUD

An méid a baineadh amach in 2022

Stóinseacht bhainc an Aontais a mheas




Rioscaí agus leochaileachtaí a anailísiú

Tá ról ríthábhachtach ag ÚBE maidir le meastóireacht a dhéanamh ar stóinseacht bhainc an Aontais agus maidir le rioscaí agus leochaileachtaí a shainaithint in earnáil na baincéireachta. Scrúdaíonn ÚBE faisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil araon, lena n-áirítear sonraí arna dtuairisciú ag bainc agus forbairtí margaidh, chun measúnú a dhéanamh ar fhachtóirí amhail sócmhainneacht, leachtacht, riosca creidmheasa, brabúsacht agus inmharthanacht shamhlacha gnó na mbanc.

Léiríodh i [dTuarascáil Measúnaithe Riosca](#) 2022 gur choinnigh bainc an Aontais cóimheasa arda caipitil in 2022, le meánchóimheas

Gnáthchothromas Leibhéal 1 (CET1) de 15.3 %. Bhí cóimheasa luamhánaithe compordacha agus leibhéil leachtachta mhéadaithe acu freisin. Mar sin féin, rinneadh bainc áirithe a aistarraingt go mór mór mar gheall ar easpa muiníne, rud a léirigh an gá atá le forairdeall leanúnach. Fuarthas amach sa tuarascáil freisin go raibh sé beartaithe ag bainc an Aontais maoiniú margadhbhunaithe a mhéadú ach go raibh dúshláin rompu maidir le ceanglais chistiúcháin a chomhlíonadh, go háirithe maidir le beartais airgeadaíochta a dhéanamh níos doichte agus an gá iasachtaí bainc ceannais a aisíoc agus íoscheanglais rialála a chomhlíonadh. Leagadh béim sa tuarascáil freisin ar an riosca a bhaineann le neamhréir airgeadra i gcistíu airgeadra eachtrach.

Fíor 1: Cóimheas Gnáthchothromas Leibhéal 1 (luchtaithe go hiomlán)



Tugadh le fios sa Tuarascáil maidir le hualú sócmhainní gur bhain na bainc úsáid fhorleathan as cistiú bainc ceannais in 2021, rud a d'fhág gur tháinig méadú ar an gcóimheas ualaithe foriomlán. Faoi dheireadh 2022, áfach, laghdaigh an cóimheas ualaithe sócmhainní go 25.8 % mar gheall ar laghdú ar shócmhainní ualaithe agus ar chomhthaobhacht ualaithe.


Na príomhrioscaí a sainaitníodh i ndeaiseanna riosca 2022

Díríodh aird le [Deais Riosca](#) ÚBE ar roinnt príomhrioscaí in 2022, lena n-áiríodh treochtaí maidir le cáilíocht sócmhainní agus risíochtaí ar iasachtaí. Cé gur leathnaigh bainc an Aontais a neamhchosaintí ar iasachtaí, bhí an t-éileamh ar iasachtaí teoranta sa dara leath den bhliain mar gheall ar rátaí úis méadaitheacha, brúnna boilscitheacha agus éiginnteacht mhéadaithe. Tháinig méadú ar neamhchosaint na hearnála fuinnimh, as ar tháinig riachtanais leachtachta agus comhchruinniú neamhchosaintí i roinnt banc.

Tháinig feabhas ar cháilíocht na sócmhainní ar an iomlán, ach bhí gá le dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an riosca creidmheasa, go háirithe ó iasachtaí neamhthuillmheacha.

Sainaitníodh sa Deais Riosca freisin rioscaí i margaí réadmhaoine cónaithe agus tráchtála. Bhí neamhchosaint shuntasach ag bainc an Aontais ar eastát réadach cónaithe, agus cé gur tháinig méadú ar an éileamh ar iasachtaí morgáiste, gur tháinig méadú ar rátaí úis agus gur cuireadh moilliú ar an bhfás eacnamaíoch. Tháinig méadú ar neamhchosaintí réadmhaoine tráchtála, agus bhí dúshlán roimh an earnáil mar gheall ar rátaí úis ní b'airde, costais fuinnimh a bhí ag ardú, agus athruithe ar chleachtais oibre.

Leag ÚBE béim ar rioscaí oibriúcháin, lena n-áirítear digitíú agus úsáid TFC ag bainc agus a gcustaiméirí. Rinne sé suirbhéanna freisin ar rioscaí éagsúla, amhail inmharthanacht na samhla gnó, brabúsacht, cáilíocht sócmhainní, rioscaí cistiúcháin, tabhairt faoi riosca, breithnithe ESG, teicneolaíocht an airgeadais agus AML.

Fíor 2: Príomhchúiseanna an riosca oibriúcháin ó thaobh na mbanc de

Gníomhaíochtaí tástála struis: feabhas a chur ar athléimneacht na hearnála baincéireachta agus ar ullmhacht i gcomhair rioscaí aeráide


Leis an tástáil struis uile-Aontais, ar príomhuirlis í do na húdaráis inniúla, déantar meastóireacht ar athléimneacht bhainc an Aontais i gcoinne suaití tromchúiseacha, rud a chuidíonn le cinntí maoirseachta agus le straitéisí maolaithe riosca. Leis an bpróiseas sin, déantar measúnú féachaint an féidir le carnadh caipitil a rinne bainc le déanaí caillteanais a chumhdach agus tacú leis an ngeilleagar le linn tréimhsí struis. Cothaítear trédhearcacht sa mhargadh freisin trí shonraí comhsheasmhacha atá sonrach do na bainc a fhoilsiú maidir le tionchar suaití coiteanna.

Ullmhúcháin do thástáil struis 2023 ar fud an Aontais a tugadh i gcrích in 2022, lena n-áirítear ceardlanna agus comhairliúcháin

leis an tionscal, rud a d'fhág gur eisíodh [modheolaíocht agus teimpléid na tástála struis](#). Áireofar le cleachtadh 2023 samplamhéid leathnaithe (70 banc), le feabhsuithe suntasacha modheolaíochta bunaithe ar chleachtaí roimhe seo. Is éard atá i gceist le feabhsuithe suntasacha ná ceachtanna a foghlaimíodh a ionchorprú, míreanna ón mbarr anuas a thabhairt isteach le haghaidh glanioncam ó tháillí agus ó choimisiúin (NFCI), agus mionanailís earnála.

Ós rud é gur cuireadh anailís earnála spriocdhírthe isteach, rud a spreag imeachtaí amhail COVID-19 agus an cogadh san Úcráin, ní mór do na bainc na miondealuithe neamhchosanta a dhéanann siad a mhionsonrú de réir na hearnála eacnamaíche. Cuireann sé sin creidiúnacht thorthaí na dtástálacha struis chun cinn. Ina theannta sin, feabhsaítear réalachas an chleachtaidh trí athchalabhrú a dhéanamh ar an ráta tagartha a chuirtear ar aghaidh ar thaiscí áirithe.

Fíor 3: Cúraimí agus freagrachtaí chleachtadh na tástála struis



Is éard atá i gceist le dul chun cinn breise ná cumas tástála struis ón mbarr anuas a chomhtháthú. Ag comhoibriú leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) agus leis na húdaráis inniúla, d'fhorbair ÚBE samhlacha ón mbarr anuas, le samhail NFI atá socraithe le haghaidh chur chun feidhme 2023. Leis an gcur chuige sin, déantar réamh-mheastacháin a chuíchóiriú, an t-ualach tuairiscithe a íoslaghdú agus comhsheasmhacht a áirithiú. Tá sé d'aidhm ag ÚBE luach na dtorthaí a uasmhéadú agus féachaint ar chuir chuige ón mbarr anuas a leathnú chuig réimsí riosca eile.

Tugann sainorduithe ó Straitéis Airgeadais Inbhuanaithe an Choimisiúin Eorpaigh spreagadh do ÚBE [tástálacha struis rialta ar an athrú aeráide](#) a dhéanamh agus treoirlínte a chruthú chun rioscaí ESG a mheasúnú. Áirítear i straitéis ÚBE tástálacha struis aeráide a dheighilt ó thástálacha uile-Aontais agus oiriúnú praiticiúil a dhéanamh ar chreataí tástála struis. Beidh ceardlann ina treoir chun creataí tástála struis i ndáil le rioscaí aeráide a fhorbairt, rud a chinnteoidh ullmhacht earnáil na baincéireachta. Ina theannta sin, déanfaidh ÚBE athbhreithniú ar threoirlínte maidir le tástáil struis chun an t-athrú aeráide agus tionchair ESG fhadtéarmacha a chuimsiú.

Freagairt ÚBE ar ionradh na Rúise ar an Úcráin



Bhí tionchar suntasach ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar stát, ar shochaí agus ar gheilleagar na hÚcráine, agus ar earnáil baincéireachta na hEorpa. D'fhreagair ÚBE ar na dúshláin sin trí mheastóireacht a dhéanamh ar ullmhacht an chreata rialála agus uirlisí a úsáid chun freagairt chomhordaithe a áirithiú i measc maoirseoirí stuamachta.

Léiríodh sa mheasúnú tosaigh ar thionchar na coinbhleachta ar earnáil baincéireachta an Aontais go raibh rioscaí neamhghnácha ag baint le neamhchosaint dhíreach bhainc an Aontais ar chontrapháirtithe na Rúise agus na hÚcráine, ach nár chuir siad cobhsaíocht airgeadais mhargadh an Aontais i mbaol. Mar sin féin, bhí tionchar ní ba shuntasá ag éifeachtaí an dara babhta, lena n-áirítear éiginnteacht mhéadaithe agus briseadh sna línte táirgeachta. Mar thoradh air sin, bhí boilsciú ard agus géarchéim fuinnimh ann, rud a chuir isteach ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch agus a chruthaigh rioscaí do chláir chomhardaithe na mbanc agus don chobhsaíocht oibríochtúil.

Chuir ÚBE trédhearcacht ar fáil trí thuairisciú a dhéanamh ar éabhlóid risíochtaí na mbanc ar an Rúis agus ar an Úcráin trína [Dheais Riosca](#). Chomhoibrigh sé freisin leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) chun [aghaidh a thabhairt ar luaineacht iomarcach i margaí na ndíorthach fuinnimh](#). D'iarr an Coimisiún Eorpach go ndíreodh ÚBE ar ról na mbanc maidir le seirbhísí claochlaithe comhthaobhachta a sholáthar agus maidir le ráthaíochtaí a sholáthar mar chomhthaobhacht ag contrapháirtithe neamhairgeadais chun na dúshláin leachtachta atá roimh chuideachtaí fuinnimh a íoslaghdú.

Bhí ról ríthábhachtach ag bainc maidir le tacú le gnóchtaí fuinnimh trí sheirbhísí imréitigh a chur ar fáil do tháirgí díorthacha agus trí chreidmheas gearrthéarmach a leathnú chun

oibleagáidí comhthaobhachta a chomhlíonadh. Mar sin féin, chuir an méadú ar phraghsanna fuinnimh agus ar fhadhbanna leachtachta brú ar chumas na mbanc tuilleadh tacaíochta a thabhairt do ghnóchtaí fuinnimh. Leag ÚBE béim ar a thábhachtaí atá sé trédhearcacht a mhéadú maidir le glaonna ar chorrach agus scrúdaigh sé an úsáid a bhaintear as ráthaíochtaí na mbanc mar chomhthaobhacht do chomhaltaí imréitigh.

Tá gníomhaíochtaí rialála agus maoirseachta éagsúla déanta ag ÚBE chun aghaidh a thabhairt ar thionchair na coinbhleachta ar earnáil na baincéireachta. Rinne sé meastóireacht ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an gcoinbhleacht ar an gcreat rialála, d'áirithigh sé cur chuige maoirseachta comhsheasmhach, agus d'éascaigh sé comhroinnt faisnéise idir coláistí maoirseachta. Dhírigh ÚBE freisin ar an riosca a mhaolú agus ar chuimsiú airgeadais, ag soláthar treoirlínte chun aghaidh a thabhairt ar an drochthionchar a bhíonn ag an dí-rioscú ar chustaiméirí leochaileacha agus ag dul i gcomhairle le treoirlínte a bhaineann le bainistiú riosca sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoireachta (ML/TF).

Ina theannta sin, [thacaigh ÚBE le cur chun feidhme smachtbhannaí](#) trí theimpléid a cheapadh chun tascí a thagann faoi smachtbhannaí eacnamaíocha a thuairisciú. Bhí na teimpléid sin ceaptha lena n-úsáid go deonach ag na húdaráis náisiúnta atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar na smachtbhannaí.

Ar an iomlán, tá faireachán gníomhach á dhéanamh ag ÚBE ar na dúshláin a bhaineann le hionradh na Rúise ar an Úcráin agus tá sé ag freagairt dóibh, agus é mar aidhm leis cobhsaíocht earnáil baincéireachta na hEorpa a choimirciú agus na tionchair ar institiúidí airgeadais agus ar a gcustaiméirí a mhaolú.

An creat stuamachta a thabhairt cothrom le dáta



An Leabhar Rialacha Aonair

In 2022, bhí ról suntasach ag ÚBE maidir leis an gcreat stuamachta a nuashonrú agus maidir le rannchuidiú le [cur chun feidhme Basel III san Aontas](#). Dhírigh ÚBE ar chomhsheasmhacht agus éifeachtacht a áirithiú agus rialacha stuamachta agus réitigh á gcur i bhfeidhm in earnáil na baincéireachta. Chuir sé ionchur ar fáil freisin do pháirtithe leasmhara chun a chinntiú go seasfaidh an creat rialála an aimsir.

Ar cheann de na príomhréimsí ar thug ÚBE aghaidh orthu bhí an [Riosca Ráta Uis sa Leabhar Baincéireachta \(IRRBB\)](#). D'fhorbair sé [treoirilínte agus caighdeán teicniúla rialála \(RTS\)](#) chun suíomhanna IRRBB a ghabháil agus chun measúnú a dhéanamh ar riosca raoin dífríochta creidmheasa. Rinne ÚBE faireachán freisin ar chur chun feidhme na gcaighdeán sin agus ar an tionchar a bhí acu ar institiúidí an Aontais.

Rinne ÚBE obair faireacháin ar chaipiteal, lenar áiríodh cur chun feidhme a thuairime maidir le hionstraimí leagáide agus an t-athbhreithniú ar ionstraimí réamh-CRR (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil) CET1. Rinne sé faireachán freisin ar an gcumas iomlán ionsúcháin caillteanais agus ar an íoscheanglas maidir le cistí dílse agus dliteanais incháilithe (TLAC/MREL) agus d'oibrigh sé chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir le caipiteal agus dliteanais incháilithe thar institiúidí.

Sainréimse fócais eile do ÚBE ab ea cur chun feidhme na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 9. Rinne sé faireachán zar chur chun feidhme IFRS 9 agus ar a idirghníomhú le ceanglais

stuamachta, go háirithe i ndáil le punanna ardmhainneachtana (HDPanna). Rinne ÚBE gníomhaíochtaí bailithe sonraí agus d'fhorbair sé teimpléid chun measúnú a dhéanamh ar inathraitheacht thorthaí an chaillteanais creidmheasa ionchasaigh agus ar a dtionchar ar chóimheasa stuamachta.

Rinne ÚBE dul chun cinn maidir leis an gcreat le haghaidh neamhchosaintí móra san Aontas a thabhairt chun críche. D'fhorbair sé [RTS chun eintitis scáthbhaincéireachta agus grúpaí cliant nasctha a shainnithint](#). D'oibrigh sí freisin ar an gcreat maidir le hurrúsú a thabhairt cothrom le dáta, lenar áiríodh soiléireacht a sholáthar maidir le rialacha coinneála riosca agus critéir a fhorbairt don lipéad simplí trédhearcach caighdeánaithe (STS) le haghaidh urrúsú sintéiseach.

I réimse an phriacail coigeartaithe luachála margaidh agus creidmheasa, chuir ÚBE bailchríoch ar an gcaighdeán teicniúil rialála ar fad a thagann faoi cheim 3 de threochlár an Athbhreithnithe Bhunúsaigh ar an Leabhar Trádála (FRTB). Thacaigh sé le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an leabhair rialacha aonair trí cheisteanna agus trí ghníomhaíochtaí agus rinne sé faireachán ar chur chun feidhme na dTreoirilínte Struchtúracha FX.

D'oibrigh ÚBE freisin ar a threochlár do ghnólachtaí infheistíochta a chur i gcrích, agus thug sé aghaidh ar ábhair amhail tomhas riosca leachtachta, díolúintí ó cheanglais leachtachta, forlíontáin Cholún 2, agus nósanna imeachta don Phróiseas Athbhreithnithe agus Meastóireachta Maoirseachta (SREP). Lean sí lena cuid oibre ar bhonneagar margaidh, go háirithe maidir le samhlacha corrlaigh tosaigh a bhailíochtú.

Ar an iomlán, bhí ról ríthábhachtach ag ÚBE maidir leis an Leabhar Rialacha Aonair a fhorbairt don bhaincéireacht san Aontas, rud a chuidigh leis an gcreat stuamachta a thabhairt cothrom le dáta, agus comhsheasmhacht agus éifeachtacht a áirithiú maidir lena chur i bhfeidhm.

Cleachtais mhaoirseachta

Dhírigh an Clár Eorpach um Scrúduithe Maoirseachta (ESEP) 2022 [ar fheabhas a chur](#)

[ar chleachtais mhaoirseachta laistigh den Aontas](#). Tá ról ríthábhachtach ag ÚBE maidir le cur chuige maoirseachta a chomhchuibhiú trí ESEP. Rinneadh na príomhábhair ar cheart aird a thabhairt orthu a ailíniú le Tosaíochtaí Straitéiseacha Maoirseachta an Aontais agus áiríodh orthu aghaidh a thabhairt ar thionchar COVID-19 ar cháilíocht sócmhainní, rioscaí TFC, claochlú digiteach, rioscaí ESG agus ML/TF. Cé gur comhtháthaíodh na hábhair sin san obair mhaoirseachta, tá acmhainneacht fós á forbairt ag na húdaráis le haghaidh claochlú digiteach agus measúnuithe ESG.

Fíor 4: Príomhábhair a ionchorpraíodh i dtosaíochtaí maoirseachta Cas in 2022

Tionchar phaindéim COVID-19 ar cháilíocht sócmhainní agus ar sholáthar leordhóthanach	 Rinne formhór na n-údarás inniúil faireachán géar ar mhoratóirí scoir, rinne siad athbhreithniú ar bhainistíocht neamhchosaintí neamhthuillmheacha agus ar sholáthar neamhthuillmheacha na hinstitiúide chomh maith le cleachtais iasachtaí.
Riosca slándála TFC agus riosca seachfhoinisithe TFC, comhiomlánú sonraí riosca	  - D'athbhreithnigh formhór na n-údarás inniúil riosca slándála TFC agus na ceanglais TFC atá leagtha síos maidir le soláthraithe seirbhíse seachfhoinisithe. - Níor fhíoraigh beagnach leath na n-údarás inniúil cumas comhiomlánaithe sonraí riosca ná níor fhíoraigh siad ach cuid de na cumais sin
An claochlú digiteach agus gníomhaithe teicneolaíochta airgeadais	  - Rinne os cionn leath de na húdaráis inniúla measúnú ar leagan amach na straitéise digití agus ar ról an chomhlachta bainistíochta. - Rinne beagnach leath na n-údarás inniúil athbhreithniú iomlán ar chur chun feidhme na straitéise digití agus ar an gcur chuige i leith réitigh teicneolaíochta airgeadais.
ESG	  - Rinne beagnach trí cheathrú de na húdaráis inniúla athbhreithniú ar an gcaoi a gcuireann na bainc tuiscint inmheánach ar a rioscaí ESG sonracha chun cinn. - D'fhíoraigh ní ba mhó ná leath na n-údarás inniúil go léirítear an riosca ESG sa straitéis ghnó nó chreidmheasa agus sa chreat rialachais.
AML/CFT	 D'fhíoraigh formhór na n-údarás inniúil malartú faisnéise AML/CFT laistigh den institiúid agus rinne siad measúnú ar ghné AML/CFT mar chuid de mheasúnuithe oiriúnachta chomhaltai an chomhlachta bainistíochta.


D'oibrigh coláistí maoirseachta, a bhí dírithe ar chomhar a chothú i measc na n-údarás, go maith in 2022, le mionchoigeartuithe ó 2021. Tugadh feabhsuithe faoi deara i ndáileadh doiciméad agus i malartuithe táscairí luathrabhaidh. Táthar ag súil le feabhsuithe ar ghnéithe nós imeachta de chinní comhpháirteacha le haghaidh 2023. Sa chomhthéacs sin, cuireann ÚBE dea-chleachtais chomhroinnte chun cinn, rud a chabhraíonn le measúnuithe trasteorann agus cigireachtaí comhpháirteacha.

Fuarthas amach in [athbhreithniú piaraí ÚBE](#) gur ionchorpraigh údarás inniúla Treoirínte ÚBE maidir le measúnú riosca TFC ina gcleachtais mhaoirseachta, ach go raibh dúshlán fós ann. Bhí deacrachtaí ag údarás inniúla saineolas maoirseachta TFC a fhorbairt, comhréireacht a chur i bhfeidhm agus measúnú riosca TFC a chomhtháthú sa phróiseas maoirseachta foriomlán. D'éascaigh an t-athbhreithniú comhroinnt dea-chleachtas agus moltaí maidir le fothú acmhainneachta agus anailís chothrománach.

I réimse an rialachais agus an luacha saothair, [mhionchoigeartaigh ÚBE thagarmharcáil luacha saothair tar éis na creataí rialála le haghaidh institiúidí agus gnólaí infheistíochta a dheighilt](#). Táthar ag díriú anois ar an mbearna phá idir na hinscní agus

ar lucht ardioncaim, arb é an aidhm atá leis éagothromaíochtaí a nochtadh. Is é an t-ardú i líon an lucht ardioncaim a fuair luach saothair os cionn EUR 1 mhilliún is cúis le dea-fheidhmíocht institiúideach, athshocruithe agus arduithe tuarastail.

Fíor 5: Dáileadh lucht ardioncaim de réir réim íocaíochta EUR 1 mhilliún agus Ballstáit



Mar thoradh ar na hiarrachtaí measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht agus ar chuibheas na n-institiúidí airgeadais, d'fhorbair [na trí Udarás Maoirseachta Eorpacha \(ÚMEnna\) bunachar sonraí agus treoirlínte](#). Tugadh aird ar an éagsúlacht i gcomhlachtaí bainistíochta as an tionchar a bhíonn aici ar chinnteoireacht agus ar dhul i riosca. Cé gur tugadh feabhsuithe faoi deara i dtaobh na cothromaíochta inscne, ba mhall go leor an dul chun cinn. Léirigh comhlachtaí bainistíochta éagsúla toradh ní b'fhearr ar chothromas (RoE). Gheall ÚBE faireachán leanúnach a dhéanamh ar an éagsúlacht agus staidéir thagarmharcanna a dhéanamh chomh maith.

Creat réitigh

Tá ÚBE gníomhach i bhfeabhsú an chreata ullmhachta agus réitigh i gcomhair géarchéimeanna. Tá [treoirlínte forbartha aige chun pleanáil téarnaimh agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna a fheabhsú](#).

Féachann ÚBE le rialacha a chomhchuíbhíú, le trédhearcacht an chreata réitigh a mhéadú, le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na pleanála réitigh agus le cleachtais réitigh aonfhoirmeacha a chur chun cinn.

D'eisigh ÚBE [treoirlínte maidir le hinréititheacht agus inaistritheacht](#) chun cleachtais i measc na mbanc réitigh a chaighdeánú. Dhírigh sé freisin ar thástáil a dhéanamh ar na cumais a forbraíodh faoi na treoirlínte sin. Áirítear ar na hiarrachtaí trédhearcachta [comhairliúcháin maidir le tarrtháil inmheánach a chur chun feidhme](#) agus treochlár le haghaidh feabhas a chur ar thrédhearcacht. Léiríonn a [thuarascáil bhliantúil ar easnaimh](#) ó thaobh an íoscheanglais le haghaidh cistí dílse agus dlíteanais incháilithe (MREL) an dul chun cinn atá déanta ó thaobh aghaidh a thabhairt ar easnaimh, ina léirítear an tionchar inláimhsithe atá acu ar bhrabúsacht na mbanc.

Faoin [gClár Eorpach um Scrúduithe Réitigh \(EREP\)](#), tá ÚBE ag cur comhroinnt faisnéise

agus ailíniú cleachtas chun cinn i measc na n-údarás réitigh. I measc na réimsí tosaíochta tá easnaimh MREL, bainistiú luachála, leachtacht agus cistiú. Tá sé beartaithe ag ÚBE measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme tosaíochtaí 2022 agus dea-chleachtais a thugtar faoi deara a roinnt chun ullmhacht a fheabhsú.

Idéarmaíscéimeannaráthaithe taiscí (SRTanna), tá athbhreithniú déanta ag ÚBE ar [threoirlínte chun ranníocaíochtaí rioscabhunaithe a fheabhsú](#) agus chun modhanna ríomha a fheabhsú. D'fhoilsigh sé sonraí fairsinge freisin maidir le hacmhainní airgeadais SRT, cumhdach taiscí agus acmhainní airgeadais cáilithe.

EUCLID a ghiaráil: an leas is fearr is féidir a bhaint as sonraí baincéireachta agus airgeadais



Is é [EUCLID](#) an t-ardán agus an bonneagar sonraí a d'fhorbair agus a úsáideann ÚBE chun sonraí rialála ó raon leathan institiúidí airgeadais a bhailiú agus chun anailís a dhéanamh orthu. Cumhdaítear leis sonraí maoirseachta, sonraí réitigh, sonraí luacha saothair agus sonraí íocaíochtaí. In 2022, tháinig fás agus leathnú suntasach ar EUCLID. Thosaigh ÚBE de shonraí maoirseachta a bhailiú ó shampla ionadaíoch de 55 bhanc de chuid an Aontais in 2011 agus leathnaigh sé an sampla tuairiscithe chun an 200 institiúid creidmheasa ba mhó san Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a chumhdach faoi 2014. In 2019, thosaigh ÚBE ag iondachtú grúpaí réitigh agus institiúidí creidmheasa faoi réir tuairisciú réitigh mar ullmhúchán do EUCLID. Le himscaradh EUCLID, thosaigh ÚBE ag bailiú sonraí do dhaonra iomlán na mbanc, lena áiríodh thart ar 650 grúpa baincéireachta agus 4 300 institiúid creidmheasa. Leathnaíodh

an daonra tuairiscithe a thuilleadh in 2022 chun gnólachtaí infheistíochta agus grúpaí gnólachtaí infheistíochta a chur san áireamh. Mar thoradh air sin, tháinig méadú suntasach ar líon na gcomhad tuairiscithe a cuireadh ar aghaidh chuig ÚBE trí EUCLID.

Cuireann raon feidhme leathnaithe EUCLID ar chumas ÚBE anailís níos cuimsithí agus níos mionsonraithe a dhéanamh dá thuarascálacha, dá dheaiseanna agus dá staidéir ar mheasúnú tionchair. Tacaíonn sé le ÚBE ina chuid oibre beartais, amhail caighdeáin theicniúla nó treoirlínte a dhréachtú agus freagraí a thabhairt ar Ghlaonna ar Chomhairle. Coinníonn ÚBE idirghníomhaíochtaí leanúnacha le húdaráis náisiúnta agus le hoifigigh tuairiscithe chun cur chun feidhme rianúil sreafaí oibre agus próiseas dearbhairte cáilíochta a áirithiú ar fud an tslabhra tuairiscithe.

Trédhearcacht a fheabhsú

Is príomhfhócas ag ÚBE é trédhearcacht a fheabhsú. Foilsíonn ÚBE táirgí éagsúla chun faisnéis bhaincéireachta a nochtadh don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear [an cleachtadh trédhearcachta uile-Aontais](#), sonraí luacha saothair agus rialachais, agus sonraí maidir le cleachtais éagsúlachta. Leis an gcleachtadh trédhearcachta, a rinneadh ó 2011 i leith, cuirtear chun cinn smacht margaidh agus comhsheasmhacht i bhfigiúirí bhainc an Aontais. Tugann torthaí an chleachtaidh faisnéis mhionsonraithe ar chaipiteal, ar neamhchosaint ar riosca, ar bhrabús agus ar chaillteanas, agus ar réimsí ábhartha eile.

Déantar sonraí luacha saothair agus rialachais a bhailiú agus a fhoilsiú chun trédhearcacht a áirithiú i gcleachtais luacha saothair laistigh den Aontas. Ina theannta sin, bailíonn ÚBE sonraí maidir le cleachtais éagsúlachta, lena n-áirítear beartais éagsúlachta, spriocanna le haghaidh faisnéis maidir leis an mbearna phá i dtaobh na gannionadaíochta inscne agus idir na hinscní.

Sa bhreis ar scaipeadh sonraí, tá baint ag ÚBE le tacaíocht a thabhairt do mhargaí na n-iasachtaí neamhthuillmheacha trí chaighdeánú sonraí le haghaidh idirbhearta iasachtaí neamhthuillmheacha a chur chun cinn. D'fhorbair sé caighdeáin theicniúla

cur chun feidhme (ITS) lena sonraítear teimpléid chun faisnéis a sholáthar maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha agus iad á ndíol nó á n-aistriú. Is é an sprioc atá ann neamhsheiméadracht faisnéise a laghdú, éifeachtúlacht an mhargaidh a mhéadú agus infheisteoirí níos lú a mhealladh chuig margaí iasachtaí neamhthuillmheacha.

Lean ÚBE de bheith ag obair chun éifeachtúlacht a chreata tuairiscithe maoirseachta a fheabhsú, lena áiríodh iarrachtaí i dtreo tuairisciú comhtháite agus feabhas a chur ar smacht an mhargaidh trí cheanglais Chólún 3 maidir le nochtadh. Comhoibríonn sé leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) chun feabhas a chur ar Chaighdeán Samhail na bPointe Sonraí (DPM).

Chun ionchais na n-úsáideoirí maidir le scaipeadh sonraí a chomhlíonadh, díríonn ÚBE ar fheabhas a chur ar fhorbairt uirlisí agus ar thacaíocht chun na sonraí a chuirtear ar fáil trí EUCLID a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm. Bíonn sé i dteagmháil freisin le húsáideoirí chun aiseolas a bhailiú agus chun réimsí le feabhsú a shainaithint. Baineann iarrachtaí scaipthe sonraí ÚBE amach anseo le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a ghíaráil, amhail uirlisí idirghníomhacha, deaiseanna agus ríomhfhoghlaim, chun inrochtaineacht agus anailís ar na sonraí a fheabhsú.


Athléimneacht dhigiteach, nuálaíocht airgeadais agus cosaint tomhaltóirí



I réimse na hathléimneachta digití, bhí ÚBE agus ÚMenna eile rannpháirteach go gníomhach i gcur chun feidhme an Rialacháin agus na Treorach maidir le hAthléimneacht Dhigiteach Oibríochtúil (DORA) mar aon le gníomhartha reachtacha eile a bhaineann leis an gcibearshlándáil. Tá fochoiste um athléimneacht oibríochtúil dhigiteach agus iarrachtaí comhordaithe curtha ar bun acu chun an chibearshlándáil agus chun an athléimneacht a chomhchuíbhiú ar fud earnáil airgeadais an Aontais. Tá na ÚMenna i mbun níos mó ná 15 tháirge beartais a sheachadadh chuig an gCoimisiún Eorpach le linn na tréimhse cur chun feidhme.

I ndigitiú na seirbhísí íocaíochta agus an ríomh-airgid, d'fhreagair ÚBE ar Ghlaio ar Chomhairle an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an athbhreithniú ar PSD2 trí níos mó ná 200 moladh a chur ar fáil le haghaidh feabhsuithe breise. Is é is aidhm do na moltaí sin feabhas a chur ar an iomaíocht, nuálaíocht a éascú, calaois íocaíochta a laghdú, airgead agus sonraí tomhaltóirí a chosaint, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin éagsúla i seirbhísí íocaíochta.

Fíor 6: Ráta calaoise le haghaidh íocaíochtaí cianda le cárta tuairiscithe ag eisitheoirí agus faighteoirí, le SCA agus gan SCA araon



D'eisigh ÚBE [treoirlínte freisin maidir leis an eisiámh líonra teoranta faoi PSD2 chun](#) cur i bhfeidhm comhchuíbhithe agus comhsheasmhach ceanglas dlúthiúil a áirithiú. Ina theannta sin, foilsíodh leasuithe ar an gcaighdeán teicniúil rialála maidir le fíordheimhniú láidir custaiméara agus cumarsáid shlán chun frithchuímilt a laghdú do chustaiméirí a úsáideann seirbhísí faisnéise cuntais agus chun cothromaíocht a bhaint amach idir slándáil, nuálaíocht agus iomaíocht.

Maidir le nuálaíocht airgeadais, d'fhoilsigh ÚBE [RTS atá dírithe ar fheabhas a chur ar an tírdhreach d'infheisteoirí a úsáideann ardáin sluachistiúcháin](#). Díríonn na caighdeáin theicniúla rialála sin ar neamhshiméadrachtaí faisnéise a laghdú idir úinéirí tionscadail agus infheisteoirí, lena leagtar síos caighdeáin choiteanna le haghaidh measúnú riosca creidmheasa, rialachas agus struchtúir bainistíochta riosca.

I réimse na gcriptea-shócmhainní, bhí baint ghníomhach ag ÚBE le cur chun feidhme an Rialacháin maidir le Margaí Criptea-Shócmhainní (MiCA). Chuir siad ionchuir theicniúla ar fáil, d'fhorbair siad plan cur chun feidhme agus thug siad rabhadh do thomhaltóirí faoi na rioscaí a bhaineann

le cripteas-shócmhainní. Tá ÚBE i mbun faireachán a dhéanamh freisin ar fhorbairtí sa mhargadh cripteas-shócmhainní, ag glacadh páirt in obair idirnáisiúnta maidir le caighdeáin a shocrú, agus ag ullmhú dá ról maoirseachta faoi MiCA.

Chun feabhas a chur ar an gcumas maoirseachta agus é ag déileáil le hardteicneolaíochtaí, tá ÚBE ag comhoibriú le ESMA agus ÚEÁPC ar Acadamh Airgeadais Dhigitigh Maoirseachta an Aontais. Is é is aidhm don tionscadal trí bliana seo foireann na n-údarás inniúil a neartú trí oiliúint chuimsitheach a chur ar fáil maidir le hairgeadas digiteach agus ceardlanna praiticiúla maidir le rialáil agus maoirseacht nuálaíochtaí airgeadais.

Ina theannta sin, rinne ÚBE staidéar ar an úsáid a bhaineann údarais inniúla san Aontas as Teicneolaíocht Maoirseachta (SupTech). Léiríodh sa staidéar go bhfuil údarais inniúla ag glacadh le SupTech agus ag baint úsáid as teicneolaíocht chun tacú le próisis maoirseachta éagsúla, amhail anailís sonraí, comhoibriú, tuairisciú, agus aghaidh a thabhairt ar réimsí amhail maoirseacht stuamachta ar an micrileibhéal, cosaint tomhaltóirí, AML agus réiteach.

Fíor 7: cén fáth a bhfuil SupTech tábhachtach?

Why is SupTech important?

SupTech tools **improve the analytical process** and facilitate ability to generate **supervisory insights**.

They also **facilitate data collection**, thus leading to better quality of data and faster data collection process.

ANALYTICAL PROCESS

- Speed of analysis
- Automation of analysis
- Enhanced analytical capabilities



SUPERVISORY INSIGHTS

- Improved ability to derive meaningful information automatically
- Enhanced supervisor's user-experience
- Strengthened risk management

DATA COLLECTION

- Better data quality
- Faster data collection
- More data to be collected

Go hachomair, ghlac ÚBE agus ÚMEnna eile páirt ghníomhach i gcur chun feidhme rialachán agus treoracha éagsúla chun athléimneacht dhigiteach a fheabhsú, seirbhísí

íocaíochta agus ríomh-airgead a fheabhsú, nuálaíocht airgeadais a chothú, criptea-shócmhainní a rialáil agus SupTech a úsáid le haghaidh maoirseacht ní b'éifeachtúla.

Sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac



Tá creat rialála cuimsitheach curtha chun feidhme ag ÚBE chun aghaidh a thabhairt ar choireacht airgeadais, go háirithe ML/TF. Áirithítear leis an gcreat sin cur chuige

comhsheasmhach maidir le rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú i ngach réimse maoirseachta agus ar feadh shaolré na n-institiúidí airgeadais.

In 2022, neartaigh ÚBE an creat sin trí threoirlínte nua a eisiúint maidir le gnéithe tábhachtacha de rialachas agus rialuithe inmheánacha frithsciúrtha airgid agus maoinithe frithsceimhlitheoireachta (AML/CFT). Thug siad soiléireacht freisin maidir le rialacha AML/CFT a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs digiteach trí na Treoirlínte ionduchtaithe cianda do chustaiméirí. Ina theannta sin, d'fhoilsigh ÚBE Treoirlínte d'Oifigigh um Chomhlíonadh AML, lena leagtar síos comhchaighdeáin chun cosaintí AML/CFT na n-institiúidí a fheabhsú agus iad a chosaint ar mhí-úsáid ag coirpigh airgeadais.

Rinne ÚBE athbhreithniú ar a Threoirlínte SREP chun breithnithe maidir le rioscaí ML/TF a chur san áireamh, d'fhorbair sé critéir aonfhoirmeacha chun measúnú a dhéanamh ar thrómchúis sáruithe AML/CFT, agus d'ullmhaigh sé le haghaidh deich sainordú nua faoin Rialachán athmhúnaithe maidir le haistriú cistí agus criptea-shócmhainní.


Rinne ÚBE athbhreithniú ar chur chuige na n-údarás inniúil maidir le haghaidh a thabhairt ar riosca ML/TF sna bainc. Díródh sna hathbhreithnithe ar chomhar maoirseachta agus ar ról na maoirseoirí stuamachta i gcreat AML/CFT. Foilseofar torthaí na n-athbhreithnithe sin, mar aon le moltaí, in


2023. Tugadh le fios sna hathbhreithnithe, cé gur tugadh tosaíocht don chomhar maoirseachta, nach raibh sé córasach ná éifeachtach i gcónaí, rud a chuir bac ar iarrachtaí AML/CFT.

Chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach chreat AML/CFT, d'oibrigh ÚBE chun acmhainneacht mhaoirseachta a fhorbairt. Rinne siad measúnuithe ar an láthair ar údarais inniúla agus chuir siad aiseolas agus moltaí déthaobhacha ar fáil. Rinne ÚBE measúnú freisin ar fhreagairtí na n-údarás inniúil ar chásanna sonracha, amhail Luanda Leaks, agus rinne sé measúnú ar a gcur chuige maidir le rioscaí ML/TF in earnáil na n-institiúidí íocaíochta.

Chothaigh ÚBE comhar agus comhordú i measc maoirseoirí seirbhísí airgeadais an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ML/TF ar fud an Aontais. Rinne siad faireachán agus tacaíocht do choláistí AML/CFT an Aontais, d'oibrigh siad ar dhí-rioscú gan údar, agus stiúir siad freagairt choiteann ar rioscaí coireachta airgeadais atá ag teacht chun cinn tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin. Le bunú bhunachar sonraí lárnach AML/CFT, EURECA (bunachar sonraí lárnach ÚBE maidir le AML/CFT), bhíothas in ann faisnéis a mhalartú maidir le heasnamh agus bearta ceartaitheacha a rinne institiúidí airgeadais.

Fíor 8: Cineál na n-eintiteas lena mbaineann na laigí ábhartha a tuairiscíodh go dtí an 31 Nollaig 2022



Fíor 9: Dáileadh laigí ábhartha a cuireadh isteach go dtí an 31 Nollaig 2022 de réir catagóire

Chuir ÚBE comhairle theicniúil ar fáil don Choimisiún Eorpach agus do chomhreachtóirí chun cosaintí AML/CFT an Aontais a neartú. Leag siad béim ar a thábhachtaí atá an comhar maoirseachta agus cur chuige iomlánaíoch chun an choireacht airgeadais a chomhrac. Sna treoirlínte arna n-eisiúint ag ÚBE, soiléiríodh ról agus freagrachtaí an oifigigh comhlíontachta AML/CFT agus an chomhlachta bainistíochta in institiúidí airgeadais. Bhí sé d'aidhm ag na treoirlínte comhthuiscint a bhunú agus bearta comhlíontachta éifeachtacha AML/CFT a chur chun cinn.

Bhailigh ÚBE aiseolas dearfach ón tionscal faoi na treoirlínte maidir le ról na n-oifigigh comhlíontachta AML, rud a d'aimsigh siad úsáideach agus luachmhar chun a gcuid oibre a fheabhsú. Tháinig na treoirlínte i bhfeidhm ón 1 Nollaig 2022, agus dhearbhaigh maoirseoirí an Aontais go gcomhlíonann siad na treoirlínte sin nó go raibh sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh.

Rioscaí ESG a chomhtháthú sa chreat rialála



Tá obair ÚBE maidir le maoiniú inbhuanaithe ag teacht le gníomhaíochtaí an Aontais agus le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta. Cuireann sé leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe ar leibhéal an Aontais agus glacann sé páirt i dtionscnaimh idirnáisiúnta amhail an Lónra um Ghlasú an Chórais Airgeadais agus Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht. Oibríonn ÚBE i gcomhar le húdaráis eile de chuid na hearnála airgeadais san Aontas chun comhsheasmhacht na ngníomhaíochtaí a áirithiú.

Tugann ÚBE tús áite do rioscaí ESG agus iad a chomhtháthú sa chreat rialála. Tá cur chuige cuimsitheach á leanúint ag ÚBE chun tacú le haistriú an Aontais chuig geilleagar inbhuanaithe. In 2022, dhírigh ÚBE ar thástáil struis a bhaineann le ESG, ar nochtuithe, ar láimhseáil stuamachta, ar bhainistiú riosca, ar mhaoirseacht agus ar aghaidh a thabhairt ar ghlas-snasú.

D'fhoilsigh ÚBE plépháipéar ina n-iarrtar ar aiseolas i dtaobh an bhfuil údar cuí le láimhseáil stuamachta thiomnaithe le haghaidh risíochtaí a bhaineann le cuspóirí comhshaoil agus/nó sóisialta. Déanfar an t-aiseolas a gheofar ar an bplépháipéar seo a mheas sula leagfar síos moltaí beartais i dtuarascáil deiridh a fhoilseofar in 2023.

Sa mhaoirseacht ar ghnólaicthe infheistíochta, d'fhoilsigh ÚBE tuarascáil ina ndearnadh measúnú ar fhachtóirí ESG agus ar phriacail le haghaidh maoirseacht stuamachta. Leagtar síos sa tuarascáil seo an bunús chun gnéithe ESG a mheas in SREP de chuid gnólaicthe infheistíochta.

Chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le glas-snasú, bhailigh ÚBE, mar aon le ÚMEnna eile, ionchur trí Ghlaio ar Fhianaise. Is é is aidhm don tionscnamh seo an snas glas a shainiú, rioscaí agus uirlisí maoirseachta a shainiú, agus samplaí de chleachtais a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le glas-snasú a bhailiú. Trí thuiscint níos mionsonraithe a fháil ar an nglas-snasú, cuideofar chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais agus faoi mhaoirseacht agus chun iontaofacht na maíomh a bhaineann leis an inbhuanaitheacht a chothú.

Tá feabhas á chur ag ÚBE ar bhainistiú rioscaí a bhaineann le ESG trí threoirlínte a ullmhú maidir le priacail ESG a shainiú, a mheasúnú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu. Tógann an obair sin ar thorthaí maoirseachta, ar chreataí idirnáisiúnta agus ar phlé maidir le cleachtais láidre bainistithe riosca do bhainc an Aontais.

D'fhoilsigh ÚBE treochlár athnuaithe maidir le maoiniú inbhuanaithe chun ailíniú le forbairtí margaidh agus rialála atá ag teacht chun cinn. Cumhdaítear leis an treochlár trédhearcacht agus nochtuithe, bainistiú riosca, rialáil stuamachta, caighdeáin agus lipéid ghlasa, agus faireachán ar mhaoiniú inbhuanaithe agus ar phróifíl riosca ESG. Cé go leagtar amach sa treochlár cuspóirí agus amlíne ÚBE, is féidir go ndéanfar athruithe ar an amlíne mar gheall ar fhorbairtí rialála leanúnacha. Tá ÚBE tiomanta i gcónaí cur le hiarrachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí ESG agus chun maoiniú inbhuanaithe a chur chun cinn.

Fíor 10: príomhchuspóirí threochlár ÚBE maidir le maoiniú inbhuanaithe



Éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fheabhsú



In 2022, dhírigh ÚBE ar a éifeachtúlacht agus a éifeachtacht a fheabhsú trí thionscnaimh éagsúla. Bhí sé d'aidhm aige a fhoireann a chumhachtú, rannpháirtíocht geallsealbhóirí a fheabhsú, tionscnaimh taighde a neartú, a chuid oibre a chur chun cinn, eagraíocht ní ba ghlaise a chruthú, digitiú a fheabhsú, agus an próiseas ceisteanna agus freagraí a neartú.

Chun a fhoireann a chumhachtú agus chun an tsolúbthacht eagraíochtúil a áirithiú, dhírigh ÚBE ar dhaoine éirimiúla a mhealladh agus a fhorbairt, obair foirne a chothú, uirlisí agus seirbhísí a ghíaráil, agus comhpháirtíochtaí a neartú. Chuir sé beartais soghluaisteachta inmheánaí chun feidhme agus rinne sé infheistíocht i bhforbairt foirne agus i soghluaisteacht sheachtrach trí mhalartuithe foirne le heagraíochtaí eile.

D'eagraigh ÚBE ceardlanna taighde beartais agus seimineáir chun dúshlán na hearnála baincéireachta, athchóirithe rialála agus ábhair mhaoirseachta a phlé. Thug sé cuireadh d'eacnamaithe, taighdeoirí, lucht déanta beartas agus acadóirí plé a chur chun cinn agus feabhas a chur ar an bpróiseas ceaptha beartas.

Ghlac ÚBE páirt i ngníomhaíochtaí cumarsáide chun a chuid oibre a chur chun cinn trína shuíomh gréasáin, trí agallaimh phreasa, trí ardáin na meán sóisialta, agus trí bhileoga eolais, grafaicí faisnéise agus léirshamlú sonraí a chur i dtoll a chéile. D'fhoilsigh

sé preaseisiúintí, rinne sé agallaimh, agus thug sé freagra ar cheisteanna chun feasacht agus rannpháirtíocht a mhéadú. Ó thaobh rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí de, leathnaigh ÚBE a rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara amhail Comhairle an Aontais Eorpaigh, Parlaimint na hEorpa, ÚMenna eile agus Sásra Maoirseachta Aonair BCE. Chomh maith leis sin, rinne sé teagmháil le páirtithe leasmhara nua i réimsí amhail cibear-riosca, cosc na coireachta, cosaint sonraí agus iomaíocht. Ba é an sprioc a bhí ann muinín a chothú, comhar a éascú, agus trédhearcacht a áirithiú sna próisis rialála agus mhaoirseachta.

Rinne ÚBE dul chun cinn suntasach maidir le heagraíocht ní ab ghlaise a chruthú trí dheachleachtais chomhshaoil a chur chun feidhme agus cuspóirí comhshaoil bhaint amach i réimsí amhail taisteal, tomhaltas fuinnimh, bainistiú dramhaíola agus soláthar. Fuair an tÚdarás deimhniú na Scéime um Éiceabhainistíocht agus um Éiciniúcháireacht (EMAS) agus ba é ÚBE an chéad ghníomhaireacht Eorpach sa Fhrainc a fuair é. Bhí ról ríthábhachtach ag an gcumarsáid maidir le feasacht a mhúscailt faoi inbhuanaitheacht agus faoi bhainistiú comhshaoil.

Chun bainistiú riosca a neartú, d'fhorbair ÚBE creat Bainistithe Riosca Fiontair (ERM), lenar áiríodh clár riosca, ráiteas inghlacthachta riosca, beartas ERM agus doiciméad saolré ERM. Reáchtáil sé seisiúin feasachta agus

d'fhorbair sé sraith straitéisí riosca. Shainaithin ÚBE rioscaí straitéiseacha agus chuir sé bearta maolaithe chun feidhme. Bhí sé d'aidhm aige feidhmíocht a bharrfheabhsú, a shainordú a chur i gcrích agus cur chuige cuimsitheach a ghlacadh maidir le bainistiú riosca.

dhigitigh chun sástacht úsáideoirí agus éifeachtúlacht seirbhíse a fheabhsú. Leagadh béim freisin ar iarrachtaí digitithe, agus Ardán Comhair á chur chun feidhme ag ÚBE trí uirlisí Microsoft 365 a úsáid. D'éascaigh an t-ardán sin comhar inmheánach agus seachtrach, malartú slán faisnéise, coinneáil eolais, agus soghluaisteacht agus éifeachtúlacht fheabhsaithe. Chuir sé feabhas ar shlándáil,

ar chomhlíonadh agus ar rochtain úsáideoirí, agus ag an am céanna cumais agus comhtháthú le córais leagáide a chur ar fáil amach anseo.

Rinne ÚBE athruithe inmheánacha chun éifeachtúlacht agus cuntasacht a phróisis ceisteanna agus freagraí a fheabhsú. Gheall sé ceisteanna na bpáirtithe leasmhara a fhreagairt laistigh de naoi mí agus chuir sé critéir inghlacthachta nua i bhfeidhm. Bhí ról ríthábhachtach ag an bpróiseas ceisteanna agus freagraí maidir le soiléirithe a thabhairt ar an Leabhar Rialacha Aonair agus maidir le cur i bhfeidhm comhsheasmhach na rialachán agus na maoirseachta a áirithiú.

Feabhsaíodh bonneagar teicneolaíoch agus modhanna comhoibrithe Tosaíochtaí do 2023

- Treochlár ESG
- Cur chun feidhme Basel III san Aontas a thabhairt chun críche
- Tástálacha struis ar bhainc
- Sonraí atá faoi réir páirtithe leasmhara
- Airgeadas digiteach a rialáil agus maoirseacht a dhéanamh air
- Na chéad chéimeanna eile i gcomhrac an Aontais i gcoinne sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta

TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE HINSTITIÚIDÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Dul ann tú féin

Tá na céadta Ionad “Europe Direct” ann ar fud an Aontais Eorpaigh. Is féidir leat seoladh an ionaid is gaire duit a fháil ar líne (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

Ar an bhfón nó i scríbhinn

Seirbhís is ea Europe Direct a thabharfaidh freagra duit ar cheisteanna faoin Aontas Eorpach.

Is féidir leat dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

- ag uimhir shaorghlao: 00 800 6 7 8 9 10 11 (d’fhéadfadh oibreoirí áirithe táille a ghearradh as na glaonna sin),
- ag an ngnáthuimhir seo a leanas: +32 22999696,
- tríd an bhfoirm seo a leanas: european-union.europa.eu/contact-eu/write-us_ga.

EOLAS A FHÁIL FAOIN AONTAS EORPACH

Ar líne

Tá eolas faoin Aontas Eorpach ar fáil i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar an suíomh gréasáin Europa (european-union.europa.eu).

Foilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh

Is féidir leat breathnú ar fhoilseacháin de chuid an Aontais Eorpaigh nó is féidir leat iad a ordú ag op.europa.eu/ga/publications. Más mian leat a lán cóipeanna d’fhoilseacháin saor in aisce a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Europe Direct nó le d’ionad doiciméadúcháin áitiúil chun é sin a dhéanamh (european-union.europa.eu/contact-eu/meet-us_ga).

Dlí an Aontais Eorpaigh agus doiciméid ghaolmhara

Chun teacht ar fhaisnéis dhlíthiúil ón Aontas Eorpach, dlí an Aontais Eorpaigh ón mbliain 1951 ar aghaidh sna teangacha oifigiúla san áireamh, téigh chuig EUR-Lex (eur-lex.europa.eu).

Sonraí oscailte an Aontais Eorpaigh

Ar an tairseach data.europa.eu, cuirtear rochtain ar fáil ar thacair sonraí oscailte ó institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Is féidir iad a íoslódáil agus a athúsáid saor in aisce chun críoch tráchtála nó neamhthráchtála. Cuirtear rochtain ar fáil freisin ar neart tacair sonraí ó thíortha na hEorpa.

EUROPEAN BANKING AUTHORITY

Floor 24-27, Europalaza, 20 avenue André Prothin,
La Défense 4, 92400 Courbevoie, France

Tel. +33 186 52 7000

E-mail: info@eba.europa.eu

<http://www.eba.europa.eu>



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh